

## **BAINISTEOIR COMHAIRLEOIREACHTA MAC LÉINN / COMHAIRLEOIR SINSEARACH MAC LÉINN**

### **CUR SÍOS GINEARÁLTA AR AN BPOST Dualgais agus Téarmaí & Coinníollacha Ginearálta Fostaíochta**

#### **1 PRÓIFÍL AN IARRTHÓRA AGUS RAON AN PHOIST**

Is mian le hInstitiúid Oideachais Marino (IOM) Bainisteoir Comhairleoireachta Mac Léinn /Comhairleoir Sinsearach Mac Léinn a cheapadh ar bhonn lánaimseartha buan. Beidh an duine a cheapfar ag tuairisciú don Chláraitheoir agus do Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla.

Tá comhairleoir mac léinn nuálach oilte á lorg ag IOM chun seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí tacaíochta bainteacha a chur ar bun agus a chur ar fáil do mhic léinn. Cuirfidh Seirbhís Comhairleoireachta na Mac Léinn tacaíocht mheabhairshláinte agus leasa ar fáil do mhic léinn atá cláraithe leis an Institiúid.

Cuirfidh an Bainisteoir Comhairleoireachta Mac Léinn/Comhairleoir Sinsearach Mac Léinn seirbhís chliniciúil ar fáil agus cinnteoidh sé go bhfuil polasaithe agus nósanna imeachta cliniciúla á gcur i bhfeidhm ionas go mbeidh seirbhís ardchaighdeán éifeachtach shábháilte ar fáil ag na mic léinn. Cuirfear gníomhaíochtaí for-rochtana agus coisc ar fáil freisin.

Is seirbhís nua í Seirbhís Comhairleoireachta na Mac Léinn in IOM. Cuirfidh an Bainisteoir/Comhairleoir Sinsearach seirbhísí comhairleoireachta ar fáil do mhic léinn agus d'fhéadfadh oiliúnaí nó inteirn sícíteiripeora cur leis na seirbhísí sin agus tacú leo.

**Cáilíochtaí agus Scileanna Riachtanacha** (i.e. na cáilíochtaí agus scileanna sin nach mbeadh an t-iarrthóir in ann an obair a dhéanamh gan iad. Ní chuirfear ar an ngearrliosta aon iarratais nach bhfuil sé léirithe orthu go soiléir go bhfuil na riachtanais éigeantacha ag na hiarrthóirí):

Ní mór an méid seo a leanas a bheith ag an iarrthóir chun go mbreithneofar é don phost:

- a) Céim dara onóracha (leibhéal 8) nó níos airde i réimse ábhartha
- b) Céim Iarchéime nó cáilíocht ghairmiúil (leibhéal 9 nó a choibhéis) sa chomhairleoireacht, sa tsíceolaíocht chliniciúil, sa chomhairleoireacht/tsícíteiripe nó a choibhéis, atá aitheanta ag comhlacht gairmiúil, Cumann Síceolaithe Éireann, cuir i gcás, nó Comhairle na hÉireann um Shícíteiripe.
- c) Taithí ar cheannaireacht agus ar bhainistíocht
- d) Taithí fheidhmeach ábhartha ar chomhairleoireacht mac léinn nó ar sheirbhís chliniciúil a sholáthar.

- e) Stádas mar chomhairleoir creidiúnaithe nó síceolaí cairte ó chomhlacht gairmiúil comhairleoireachta aitheanta.

Inniúlacht sa Ghaeilge inmhianaithe.

**Ní mór d'iarrthóirí a léiriú go soiléir ina n-iarratas conas a chomhlíonann siad gach ceann de na réamhriachtanais sin.**

## **2. CUR SÍOS AR AN BPOST**

### **An Caidreamh Tuairiscithe**

Ceanglófar ar an duine a cheapfar na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh, faoi stiúir ghinearálta Cheann na Roinne, dá dtuairisceoidh sé/sí, agus dá mbeidh sé/sí freagrach as comhlíonadh na ndualgas sin sa chéad dul síos. An duine a cheapfar, tabharfaidh sé tuairisc trí Cheann na Roinne d'Uachtarán na hInstitiúide agus/nó do cibé oifigeach eile de chuid IOM a ainmneoidh an tUachtarán ó am go chéile.

D'fhéadfadh an caidreamh tuairiscithe a bheith faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil, i gcomhréir le riachtanais na seirbhíse agus forbairtí san Institiúid.

### **Dualgais agus Freagrachtaí**

Áirítear an méid seo a leanas ar na dualgais:

- Seirbhís Comhairleoireachta na Mac Léinn a chur ar bun in IOM agus a stiúradh
- Gníomhaíochtaí agus acmhainní na Seirbhíse a riar agus a chomhordú
- Riar cásanna a láimhseáil gach seachtain
- Inteirn comhairleora, agus roinnt comhairleoirí seisiúnacha ó am go ham, a bhainistiú, a stiúradh agus tacú leo
- An tseirbhís comhairleoireachta a bhainistiú lena chinntiú go gcuirfear seirbhís ghairmiúil éifeachtach éifeachtúil ar fáil do mhic léinn
- Measúnú riosca a dhéanamh ar mhic léinn atá an-leochaileach agus pleananna gníomhaíochta leantacha a chur le chéile
- Meastóireacht agus monatóireacht a dhéanamh go rialta ar gach gné den tseirbhís comhairleoireachta agus athruithe a dhéanamh nó a mholadh de réir mar is gá chun an tseirbhís a fheabhsú
- Nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta a chur i bhfeidhm i dtaca le gach gné den tseirbhís
- Seirbhísí nua a fhorbairt chun freastal ar riachtanais na mac léinn trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht chuí
- For-rochtain agus comhairliúchán le pobal IOM a chur ar fáil, lena n-áirítear meabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn
- Cloí leis na ceanglais dlí agus reachtacha go léir, go háirithe i dtaca le Tús Áite do Leanáí [Children First] agus daoine fásta leochaileacha
- Oiliúint a cheapadh agus a sholáthar do bhaill foirne agus do mhic léinn i réimsí lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, toiliú gnéis, an chéad fhreagróir, tacú le mic léinn shuaite, tacaíocht a chur ar fáil mar theagascóir, oiliúint ar ionadaithe ranga Aontas na Mac Léinn.
- Córas rúnda taifead na mac léinn a fhorbairt agus a chothabháil chun comhlíonadh RGCS a chinntiú

- Cláir agus ranga a cheapadh agus a fhorbairt do ghrúpaí áirithe mac léinn de réir mar is cuí
- Teagmháil a dhéanamh agus dul i gcomhairle le baill foirne agus comhairle a sholáthar i dtaca le riachtanais aonair mac léinn
- Teagmháil a dhéanamh le seirbhísí tacaíochta eile do na mic léinn (sláinte, míchumas agus séiplíneacht) chun cur chuige comhtháite comhleanúnach a chur ar fáil i leith leas na mac léinn
- Polasaithe agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a nuashonrú don tseirbhís.
- Ionadaíocht a dhéanamh don tseirbhís comhairleoireachta i dtaca le cúrsaí a bhaineann le meabhairshláinte agus le folláine, laistigh de IOM agus go seachtrach
- Cur le táirgeadh tuarascálacha bliantúla agus athbhreithnithe cáilíochta agus creidiúnaithe de réir mar is gá.
- An tseirbhís agus meabhairshláinte agus folláine dhearfach na mac léinn a chur chun cinn
- Fanacht ar an eolas maidir le forbairtí agus dea-chleachtais nua i réimse na comhairleoireachta, na sícíteiripe agus na síceolaíochta agus tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach.
- Comhairle a chur ar an bhFoireann Ceannaireachta i dtaca le meabhairshláinte agus folláine na mac léinn de réir mar is gá
- Cloí le treoirlínte eiticíúla an chomhlachta gairmiúil ábhartha

Beifear ag súil leis go n-oibreoidh an duine a cheapfar uaireanta solúbtha le linn an téarma (e.g. Dé Sathairn ó am go ham agus ón 12pm go 8pm ar laethanta áirithe le linn na seachtaine) chun seirbhís mac léinn-lárnach a chur ar fáil.

Is ceart a thabhairt faoi deara nach mór don duine a cheapfar obair bhuíne a dhéanamh i ngach réimse oibre/roinn san Institiúid. Cé go bhfuil na dualgais a bhaineann leis an bpost sainmhínithe go ginearálta faoi na ceanteidil atá liostaithe, ní liosta uileghabhálach é. Ceanglófar ar an duine a cheapfar feidhmiú ar bhealach solúbtha comhghleacúil. Coimeádann IOM an ceart dualgais nua a shannadh agus/nó baill foirne a athshannadh do réimsí eile den Institiúid, mar fhreagairt do riachtanais na seirbhíse.

### **3. IARRATAS A DHÉANAMH, AN PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN AGUS EOLAS GINEARÁLTA EILE.**

#### **An Modh Roghnúcháin le haghaidh Molta**

Déanfar iarrthóirí a chur ar ghearrliosta a bheidh bunaithe ar cháilíochtaí, oiriúnacht agus thaithí oibre ábhartha an iarrthóra mar atá curtha síos orthu san iarratas. Is faoin iarrthóir atá sé deimhin a dhéanamh de go gcuirfear aon eolas ábhartha san áireamh ina iarratas agus go léirítear go soiléir an tslí a gcomhlíonann sé critéir shonraithe an iarrthóra.

Is é painéal agallaimh a chuirfear an t-agallamh ar an iarrthóir, ar painéal é ar a mbeidh triúr ar a laghad agus a bheidh comhdhéanta de na daoine is oiriúnaí agus is cáilithe chun iarrthóirí sa disciplín a mheas. Is é an Bord Rialaithe a dhéanann gach ceapachán chun poist in IOM. Moltaí an phainéal agallaimh maidir leis na hiarrthóirí a n-éiríonn leo a cheapadh i bpoist, cuirfear faoi bhráid Bhord Rialaithe IOM iad ionas go bhféadfaidh an Bord iad a bhreithniú agus cinntí a dhéanamh i dtaca leo.

I gcás nach ndéanann an painéal agallaimh aon mholadh maidir le ceapachán buan, coimeádann an Institiúid an ceart iarrthóirí iomchuí, a shainaithneofar tríd an bpróiseas roghnúcháin, a cheapadh sa phost ar théarma seasta.

D'fhéadfaí painéal a chur le chéile as a gcheapfar daoine sa phost seo go buan nó ar

conarthaí ar théarma seasta, fad is a mhaireann an painéal. Scoirfidh an painéal de bheith ann 12 mhí tar éis an lá a bhunófar é, is é sin dáta an agallaimh dheiridh.

Ní mór d'iarrthóirí fianaise dhoiciméadach shásúil a chur ar fáil i dtaca le haon oiliúint agus taithí a mhaítear ina n-iarratas, má iarrtar sin orthu.

### **Tréimhse Phromhaidh**

Tá an ceapachán faoi réir cur i gcrích sásúil na tréimhse promhaidh caighdeánach a mhaireann 6 mhí. D'fhéadfaí síneadh a chur leis an tréimhse phromhaidh de réir lánrogha na hInstitiúide, ach ní bheidh an síneadh sin níos faide ná 12 mhí in aon chás. Cuirfidh neamhláithreach le linn na tréimhse promhaidh síneadh leis an tréimhse sin. Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus ar iompar le linn na tréimhse promhaidh trí phróiseas cruinnithe meastóireachta. Is de réir lánrogha na hInstitiúide a chuirfear deireadh le fostaíocht le linn na tréimhse promhaidh. Beidh leagan giorraithe den nós imeachta smachtaithe i bhfeidhm maidir le fostaíthe atá ar promhadh.

### **Grinnfhiosrú an Gharda Síochána**

D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar gach iarrthóir a n-éiríonn leis dul faoi ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána. Cuirfear treoir shonrach maidir leis an bpróiseas sin ar fáil ag tráth iomchuí. Aon iarrthóir nach gcomhlíonann ceanglais na hInstitiúide maidir leis an ábhar seo, cuirfear as an áireamh iad.

### **Tuarastal**

Beidh an scála tuarastail bliantúil ag brath ar an taithí a bheidh ag an duine a cheapfar agus beidh sé ag leibhéal Bainisteora nó Comhairleora Sinsearaigh.

Is é an scála tuarastail bliantúil reatha ná €59,496 - €93,308.

### **Iarratais a dhéanamh**

Déan iarratas trí litir chumhdaigh agus CV (ní chuirtear foirmeacha iarratais speisialta ar fáil) a sheoladh de ríomhphost chuig [careers@mie.ie](mailto:careers@mie.ie) nó tríd an ngnáthphost chuig:

Oifig na nAcmhainní Daonna  
Institiúid Oideachais Marino  
Ascaill Uí Ghríofa  
Baile Átha Cliath 9  
D09 R232.

**Ní mór iarratais chomhlánaithe a bheith faighte faoin 5.00pm Dé hAoine, an 11 Meitheamh 2021. Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh na sprice sin.**

Ní bheidh an Institiúid freagrach as aon chostas, costais taistil san áireamh, a bheidh le híoc ag iarrthóirí i dtaca lena n-iarrthóireacht.